Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# FÓGRA POIBLÍ

Tá tú i dteideal na nithe seo a leanas i gcónaí nuair a fhreastlófar ort:

- Go bhfreastlófar ort go pras agus go cúirtéiseach.
- Le haird chuí ar phríobháideachas agus rúndacht.
- Go bhfreastlóidh foireann chairdiúil chabhrach ort.

**ÁR dTIOMANTAS DUIT**

Déanaimid ár ndícheall:

- Déileáil leat ar bhealach cothrom agus oscailte.
- Aon chuid de do dhéileálacha linn a phlé.
- Míniú a thabhairt ar conas a thángthas ar chinneadh.
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht.
- Scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar sholáthar ár seirbhísí chun freastal ar do chuid riachtanas.
- Oiliúint a chur ar ár bhfoireann chun freastal ar do chuid riachtanas ar bhonn leanúnach.
- Nós imeachta gearán a chur i bhfeidhm do chustaiméirí atá míshásta le caighdeán na seirbhíse a fhaightear.

**D'fhonn é seo a bhaint amach, iarraimid ar ár gcustaiméirí a thabhairt le fios <u>nach</u> nglacfar leis an iompar seo a leanas in aon cheann dár n-áiseanna:**

- Iompar a chuireann isteach ar chumas dhaoine eile úsáid agus taitneamh a bhaint as an áis.
- Ciapadh na foirne nó baill den phobal trí úsáid a bhaint as caint mhaslach, chiníoch, gháirsiúil nó bhagrach.
- Foréigean a úsáid nó a bhagairt in aghaidh na foirne agus/nó baill den phobal.
- Damáiste mailíseach do agus/nó goid réadmhaoine Chomhairle Contae Fhine Gall.
- Alcól agus drugaí aindleathacha a úsáid agus áiseanna Chomhairle Contae Fhine Gall á n-úsáid.
- Tobac a chaitheamh i limistéir phoiblí laistigh d'áitribh Chomhairle Contae Fhine Gall.

Cabhraigh linn le do thoil úsáid fhreagrach agus tuisceanach áiseanna Chomhairle Contae Fhine Gall a spreagadh tríd an gCód Iompair seo a chomhlíonadh.